# CINNEADH (CBES) 2023/311 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 7 Feabhra 2023

## maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/2205 (EUNAVFOR ATALANTA/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").

(2) An 9 Samhain 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/2205 ([2]), lena gceaptar an Ceannasóir Nuno Filipe CORTES LOPES ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Atalanta).

(3) Le Cinneadh (CBES) 2022/2441 ón gComhairle ([3]), athainmníodh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Atalanta) mar Oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)

(4) An 29 Nollaig 2022, mhol Ceannasaí Oibríochtúil an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí Captaen Juan María IBÁÑEZ MARTÍN a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh ón 15 Feabhra 2023. Chuir údaráis na Spáinne in iúl go dtabharfar ardú céime do Chaptaen Juan María IBÁÑEZ MARTÍN go Seachaimiréal nuair a cheapfar é mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(5) An 6 Eanáir 2023, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/2205 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Captaen Juan María IBÁÑEZ MARTÍN mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ón 15 Feabhra 2023.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/2205 a aisghairm.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2205 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 9 Samhain 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1224 (ATALANTA/6/2022) (IO L 293, 14.11.2022, lch. 48).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/2441 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile(IO L 319, 13.12.2022, lch. 80).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Feabhra 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*